19 Meitheamh 2018

Ráiteas ón gCoimisinéir Teanga ar fhoilsiú:

Tuarascáil Chomhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán ar Scéim Ghinearálta Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017.

Cuirim fáilte roimh an tuarascáil a d'eisigh Comhchoiste na Gaeilge, na Gaeltachta agus na nOileán inniu ar Bhille na dTeangacha Oifigiúla (Leasú), 2017. Is tuarascáil chuimsitheach chríochnúil í seo ina bhfuil ceannteidil an Bhille meáite go cúramach ag an gComhchoiste agus moltaí fiúntacha déanta i dtaca le slite ina bhféadfaí na ceannteidil reatha a neartú agus a threisiú. Is céim thábhachtach é foilsiú na tuarascála seo sa bpróiseas reachtúil a bhaineann le hAcht leasaithe a thabhairt ar an bhfód.

Táim ar aon intinn leis an gComhchoiste gur gá a chinntiú go mbeidh líon leordhóthanach foirne le Gaeilge sa tseirbhís phoiblí agus go bhfuil an fhoráil atá déanta ina leith seo ar an gceann is tábhachtaí de cheannteidil an Bhille. Gan dóthain foirne le Gaeilge tá sé fánach a bheith ag súil go dtiocfaidh aon fheabhas, mar ba chóir, ar chumas na seirbhíse poiblí freastal ar lucht labhartha na Gaeilge. Mar a luann an Comhchoiste níor chóir go gcuirfí aon mhoill le feidhmiú an chuid seo, ná aon chuid eile, den Acht leasaithe. Tacaím leis an moladh go socrófaí amchlár cinnte maidir lena fheidhmiú.

Ar fhoilsiú na gceannteideal anuraidh ba léir go raibh athrú treo tagtha ar an gcur chuige a bhain le hAcht na dTeangacha Oifigiúla a leasú. Glacadh leis go raibh bearnaí san Acht reatha agus nach raibh an uirlis ba mhó a bhí inti chun cur le líon na seirbhísí poiblí i nGaeilge, córas na scéimeanna teanga, ag feidhmiú mar is ceart. Ag an am chuir mé fáilte ghinearálta roimh na ceannteidil ach d'aithin mé gur theastaigh tuilleadh eolais agus mionsonraí sula bhféadfainn breithiúnas iomlán a thabhairt orthu. Tá obair an Chomhchoiste tar éis muid a thabhairt céim mhór chun cinn sa bpróiseas sin.

Tá sé ráite ag an Aire do Ghnóthaí Gaeltachta, Joe McHugh T.D., go bhfoilseofar an Bille roimh bhriseadh an tsamhraidh. Táim ag súil go dtapófar an deis atá ann anois an tAcht a neartú ar bhealach a dhéanfaidh difríocht do sholáthar na seirbhísí poiblí trí Ghaeilge agus go dtabharfar brí do mholtaí an Chomhchoiste agus an méid sin á dhéanamh.

--Críoch--

Tuilleadh eolais: Órla de Búrca (091) 504006/(087) 2307182

@ceartateanga eolas@coimisineir.ie